www.xtrapapers.com

Sonraíocht Nua

*Rewarding Learning*

**ADVANCED (A2)**
**General Certificate of Education**
**2018**

# Ealaín agus Dearadh

Aonad Measúnaithe A2 2

*ag measúnú*

Toradh Téamach

## [AAR21]

AAR21

**Ag tosú ar 1 Feabhra 2018 Aonad A2 2: Toradh Téamach**
**Ar fáil ar líne ó Lúnasa 2017 d'Aonad A2 1: Imscrúdú Pearsanta agus Criticiúil**

## AG TOSÚ AR 1 FEABHRA 2018

### EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Ba chóir go mbeadh an obair seo comhlánaithe tuairim is seachtain amháin sula gcuirfear na marcanna chuig CCEA.
Is é **60** an marc iomlán don pháipéar seo.
Moltar d'iarrthóirí an páipéar ar fad a léamh roimh obair ar bith a thosú.
Is féidir treoir ar mhaoirseacht, ar thacaíocht agus ar fhíordheimhneacht a fháil ach í a iarraidh nó is féidir í a íoslódáil ó shuíomh gréasáin CCEA ag www.ccea.org.uk

### OBAIR ULLMHÚCHÁIN

Ní mór duit obair ullmhúcháin a chur ar fáil mar thacaíocht le do Thoradh Téamach. Níl aon srianta leis an am nó an áit ar féidir tabhairt faoin obair ullmhúcháin.
Ní mór don obair ullmhúcháin **uilig** a bheith fíordheimhnithe ag do mhúinteoir.

### AN FHREAGAIRT DEIRIDH

Tosaíonn an tréimhse scrúdúcháin don Toradh Théamach ar 1 Feabhra i mbliain an scrúdaithe. Caithfear an fhreagairt deiridh a chomhlánú taobh istigh den lárionad agus is féidir í a thosú am ar bith le linn na tréimhse scrúdúcháin. Ní mór di a bheith fíordheimhnithe ag do mhúinteoir. Cuirfidh an lárionad 15 uair an chloig d'am feitheoireachta ar fáil le maoirseacht a dhéanamh ar chomhlánú deiridh an tsaothair. Ba chóir an obair ullmhúcháin agus an toradh a thabhairt do do mhúinteoir le go mbeidh measúnú déanta orthu agus modhnóireacht ina dhiaidh sin ag modhnóir de chuid CCEA.

10999.02

www.xtrapapers.com

**Treoracha d'iarrthóirí**

A2 2, An Toradh Téamach, is páipéar spreagthach é atá socraithe go seachtrach a chuirfidh pointí tosaigh molta ar fáil a thagann amach as téama socraithe a bhíonn eisithe ag CCEA ag tús an chúrsa A2.

Is féidir tabhairt faoin téama trí cheann ar bith de na speisialtóireachtaí GCE Ealaín agus Dearadh seo a leanas:
- Ealaín, Ceardaíocht agus Dearadh – Comhstaidéar;
- Grianghrafadóireacht agus Meáin Lionsa-Bhunaithe;
- Dearadh Tríthoiseach; nó
- Teicstílí.

**Critéir Mheasúnaithe**
Agus do chuid oibre á marcáil, bainfear úsáid as na cuspóirí measúnaithe seo a leanas:

**CM1** **Eolas agus Tuiscint:** Smaointe a fhorbairt trí imscrúduithe marthanacha agus fócasaithe a dhéanamh a bheidh bunaithe ar fhoinsí comhthéacsúla agus eile, ag léiriú tuiscint atá anailíseach agus criticiúil.

**CM2** **Próiseas cruthaitheach:** Acmhainní, meáin, ábhair, teicnící agus próisis chuí a fhiosrú agus a roghnú, agus smaointe a athbhreithniú agus a bheachtú de réir mar a fhorbraíonn obair.

**CM3** **Scileanna:** Smaointe, breathnuithe agus aon léargas atá ábhartha do chuspóirí a thaifeadadh, agus machnamh criticiúil a dhéanamh ar obair agus dul chun cinn.

**CM4** **Toradh:** Freagairt phearsanta bhríoch a chur i láthair a chuireann cuspóirí i gcrích agus, an áit ar cuí é, a dhéanann ceangail idir eilimintí amhairc agus eile.

Anseo thíos tá leithdháileadh céatadánach na marcanna don aonad seo:
- CM1 13.3% [8 marc]
- CM2 13.3% [8 marc]
- CM3 13.3% [8 marc]
- CM4 60% [36 marc]

Ba chóir duit an páipéar ar fad a léamh.

Moltar duit tosú ar smaointe a fhiosrú don téama seo le linn Aonad 1, an tImscrúdú Pearsanta agus Criticiúil, ionas go mbeidh tú ábalta tarraingt ar d'obair agus d'fhorbairt thurgnamhach in Aonad 1 le toradh a tháirgeadh le linn Aonad 2, an Toradh Téamach.

Is féidir go bhfaighidh tú inspioráid ó smaointe, ealaíontóirí, ceardaithe agus dearthóirí atá luaite fud fad an pháipéir, ach táthar ag dúil le go ndéanfaidh tú smaointe a fhiosrú agus obair a tháirgeadh go príomha i meáin agus i ndisciplíní a bhaineann le do speisialtóireachtaí roghnaithe féin. San Ealaín, Ceardaíocht agus Dearadh – Comhstaidéar, cuimsíonn seo na disciplíní ar fad.

Tabharfaidh do mhúinteoir treoracha cruinne duit ar chomhlánú agus measúnú do chuid obair ullmhúcháin agus na socruithe atá déanta do na seisiúin tástála rialaithe agat.

www.xtrapapers.com

**Staidéar Ullmhúcháin**
Ní mór duit do Léiriú Intinne, d'obair ullmhúcháin, do thoradh/thorthaí deiridh, agus do luacháil scríofa a chur i láthair le haghaidh measúnú. D'obair ullmhúcháin, ní mór di tacú le táirgeadh an toraidh deiridh agus is féidir léi bheith i bhfoirm leabhar oibre, leabhair sceitseála, leathanaigh scaoilte, nó aon mheán cuí traidisiúnta nó digiteach eile atá déthoiseach nó tríthoiseach. Ba chóir í a chur i láthair leis an toradh leis na critéir mheasúnaithe uilig atá liostaithe a chomhlíonadh.

**Níor mór gur leat féin í an obair uilig a chuirtear i láthair don scrúdú seo.**

**Treoir**

Ba chóir duit:
- Léiriú Intinne a tháirgeadh, nach bhfuil níos mó ná 300 focal ann, ina dtugtar breac-chuntas ar an dóigh a bhfuil sé ar intinn agat na smaointe seo a fhorbairt i dtreo toraidh. Níor chóir dó seo do phróiseas cruthaitheach a theorannú agus is féidir leis na cuspóirí agat athrú de réir mar a théann do chuid oibre ar aghaidh. Is féidir leat é seo a léiriú sa luacháil agat.
- An obair ullmhúcháin agat a fhorbairt agus a chur i láthair. Is féidir go gcuimseoidh sé líníochtaí, pictiúir phéinteáilte, colláisí, grianghrafadóireacht, leathanaigh dearaidh, samplaí, maquettes, nó fréamhshamhlacha atá ábhartha don speisialtóireacht agat, i meáin thraidisiúnta nó dhigiteacha.
- Tuiscint a léiriú ar na heilimintí foirmiúla agus na prionsabail dearaidh a bhaineann le healaín, ceardaíocht agus dearadh.
- Tuiscint chomhthéacsúil a léiriú ar obair cleachtóirí eile agus ar an speisialtóireacht a roghnaigh tú féin.
- Meáin, ábhair nó teicnící cuí a roghnú atá fóirsteanach le do thoradh a tháirgeadh.
- Do chuid smaointe a athrú agus a bheachtú de réir mar a théann siad chun cinn.
- Pleanáil agus ullmhú do tháirgeadh an toraidh deiridh a dhéanamh a fhóireann don am atá ar fáil.
- Toradh a tháirgeadh a léiríonn do chuid cuspóirí.
- An obair ullmhúcháin chomhlánaithe agus an toradh agat a chur i láthair i modh cuí.
- Luacháil ghairid scríofa ar an Toradh Théamach agat a chomhlánú. (Uasmhéid 300 focal)
- An obair seo a chur ar fáil le haghaidh marcáil agus modhnóireachta nuair a iarrann do lárionad ort é a dhéanamh.

www.xtrapapers.com

# TÉAMA: Líonraí

Líonraí nó gluaiseachtaí ealaíontóirí, comhoibrigh siad ar shaothar agus ar smaointe i gcónaí. Cuireann foirmeacha comhaimseartha den chumarsáid ar a gcumas d'ealaíontóirí a bheith ag obair le chéile ó láithreacha éagsúla tíreolaíocha. Mar gheall ar chúrsaí taistil, tá saothar agus smaointe ó áiteanna, amanna agus cultúir eile i ndiaidh tionchar a imirt ar ealaíontóirí, lucht ceardaíochta agus dearthóirí. Léarscáileanna, líonraí iompair agus turais, is ábhair iad do lear mór saothair ealaíne agus dearaidh.

Rinne lear mór cleachtóirí líonraí nádúrtha amhail réalteolaíocht, anatamaíocht nó luibheolaíocht a fhiosrú. Tá saothair ealaíne, ceardaíochta agus dearaidh ann atá bunaithe ar chórais eolaíocha ar nós struchtúr móilíneach. Thig le líonraí comhpháirteanna leictreonacha gluaiseacht, fuaim nó solas a sholáthar.

Is féidir greillí a úsáid mar fheiste chomhdhéanaimh; thig le healaíontóirí greillí a úsáid le peirspictíocht a thógáil nó a chur as a riocht nó le híomhánna a mhéadú. Tá cuid mhór cathracha cóirithe ina ngreillí agus tá ailtireacht bainteach le foirmeacha geoiméadracha. Is féidir teicstílí a thógáil ó laitís de chineálacha difriúla snátha atá fite fuaite ina chéile agus cruthaítear patrún ó ghreille de chruthanna athfhillteacha.

**Ar na sainmhínithe ar líonraí tá:**
- *Grúpa nó córas de dhaoine nó rudaí atá nasctha le chéile*
- *Cóiriú de línte trasnaithe cothrománacha agus ceartingearacha amhail gréasán, greille, laitís, eangach, maitrís, mogalra, uige, fíochán nó treilís*

www.xtrapapers.com

**Ealaín, Ceardaíocht agus Dearadh – Comhstaidéar**

Is féidir an struchtúr saintréitheach greille a bhaineann leis an ghluaiseacht **De Stijl** a fheiceáil ina cuid pictiúir theibí. Cuirtear an stíl i bhfeidhm fosta in ***Schröder House*** agus ***Red Blue Chair*** le **Gerrit Rietveld**. Dhear **Yves Saint Laurent** sé cinn de mhionghúnaí cóisire a bhí spreagtha ag pictiúir Mondrian.

Tá athdhéanamh aonad i laitís nó i ngreille in úsáid ag lear mór ealaíontóirí. Cuireann **Louise Nevelson** i láthair dealbha agus cóimeálacha i struchtúir atá crochta ar bhalla nó i struchtúir shaorsheasaimh a bhfuil cuma bhoscaí orthu agus cruthaíonn **Zoë Murdoch *Curious Cabinets***. Is dealbh ar chuma laitíse agus túr breathnaithe é ***ArcelorMittal Orbit*** le **Anish Kapoor** a rinneadh do Chluichí Oilimpeacha Londan 2012. Spreag léaráidí eolaíocha patrúin ar réimse dearaí a rinne an **Festival Pattern Group** d'Fhéile na Breataine 1951.

Bíonn saothar grafach bunaithe thart ar ghreille go minic. D'imir an ghluaiseacht **Thógachaíoch** sa Rúis tionchar ar shaothar grafach **Bauhaus**. Baineann **Peter Blake** úsáid as téacs agus grafaicí a bhí ann cheana ina chuid píosaí eangachúla **Pop-Ealaíne**. Tá na híomhánna i ngrafaicí ríomhaire, amhail seanchluichí físeáin, déanta de líonraí picteilíní. Athchruthaíonn **Per Fhager** cluichí físeáin i dtrasghreamanna. Baineann **úrscéalta grafacha** úsáid as greillí mar fheiste chomhdhéanaimh.

Bíonn lear mór cleachtóirí spreagtha ag córais nádúrtha. Is líon ollmhór damhán alla é suiteán **Tomás Saraceno *14 Billions (Working Title)***. Caitheann ***Dappled Light of the Sun*** le **Conrad Shawcross** líonra de scáileanna. Cuireann dealbha ceirmeacha **Netty van den Heuvel**, a bhfuil cuma laitíse orthu, líonta, coiréal nó craobhacha in iúl. Fiosraíonn líníochtaí **Rafael Araujo** an trasnasc idir an mhatamaitic agus an dúlra. Déanann teicstílí **Meredith Woolnough** struchtúir chasta nádúrtha a thaifeadadh.

Bhí ról mór ag ealaíontóirí amhail **Andreas Vesalius** maidir leis an anatamaíocht a thuiscint. Léiríonn dealbha páipéir **Rogan Brown** líonraí de chealla agus baictéir. Fiosraíonn an seodóir **Nikki Stott** líonraí ceallacha i gcorp an duine. Nochtann dealbh mharmair **Damien Hirst**, ***The Anatomy of an Angel***, an struchtúr anatamaíoch faoin chraiceann. Suiteáin fhótagrafacha **Alan Bur Johnson**, tá íomhánna iontu de shonraí ón dúlra.

Tá úsáid bainte as turais, líonraí iompair, léarscáileanna nó amhairc ón aer ag lear mór ealaíontóirí mar thúsphointe don tsaothar acu. Ba iad cártaí poist a linne iad pictiúir **Canaletto**. Eascraíonn saothar **Richard Long** as siúl a dhéanamh i dtírdhreacha. Dearadh **Harry Beck** do ***Léarscáil Mheitreo Londan***, spreag sé liteagraf **Simon Patterson *The Great Bear***. Cuireann pictiúir **Julie Mehretu** cruthanna atá tarraingthe ó phleananna ailtireachta agus cathrach, agus grianghraif ón aer in iúl. Tá **Richard Diebenkorn** spreagtha ag amhairc ón aer.

Bíonn réimse ealaíontóirí, lucht ceardaíochta agus dearthóirí spreagtha ag an ailtireacht. Déanann **Simon McWilliams** foirgnimh atá cumhdaithe le scafall a phéinteáil. Tá seodra agus dealbhóireacht **Sarah West** bunaithe ar innealtóireacht agus ailtireacht. Taispeánann pictiúir **Sarah Morris** agus **Roos van Dijk** an struchtúr ar chuma greille atá ar fhoirgnimh nua-aimseartha. Cruthaíonn **Taiyo Onorata** agus **Nico Krebs** montáisí fótagrafacha amhail an tsraith acu ***Building Berlin***.

Ealaíontóirí de chuid Renaissance na hIodáile, amhail **Brunelleschi**, baineann siad úsáid as feistí ar nós **peirspictíocht líneach** agus **cóimheas órga** le cumadóireacht a eagrú. Thréig an **ciúbachas anailíseach** peirspictíocht thraidisiúnta agus bhris sé íomhánna ina gcruthanna agus ina bplánaí comhghlasáilte. Baineann **M.C. Escher** úsáid as greillí dá chuid teasaláidí agus tháirg sé sraith de pheirspictíochtaí neamhfhéideartha. Athraíonn suiteáin **Esther Stocker** peirspictíocht spáis an bhreathnóra.

www.xtrapapers.com

**Grianghrafadóireacht agus Meáin Lionsa-Bhunaithe**

Fiosraíonn **Jürgen Schrepfer** dreacha cathrach lena cheamara. Bíonn cáilíocht theibí ag a chuid íomhánna, le foirmeacha athdhéanta a chruthaíonn struchtúr ar chuma ghreille ó shonraí ailtireachta.

Déanann **Andreas Gursky** grianghraif mhórscála dhaite (amhail ***Pyongyang V***), mar a ndéantar gnéithe picteilíní de líonta ollmhóra daoine i mósáic mhór.

Déanann **Hong Hao** réada ón tsaol laethúil aige a dhoiciméadú agus cumann sé cóimeálacha dathúla fótagrafacha de na híomhánna a eascraíonn as.

Tá clú ar **Christian Boltanski** go háirithe as a shuiteáin fhótagrafacha atá cóirithe i saothar ar chuma greille, atá nasctha go minic le líonraí de shoilse agus cáblaí leictreacha.

Déanann an tionscadal ***Hijacking Natural Systems*** le **Jo Berry** feidhmiú ceallach chorp an duine a thaifeadadh trí scannáin ghearra, beochaintí, boscaí solais agus líníochtaí digiteacha.

Baineann ***Breaking the Grid of the Edifice Complex*** le **Lia Satzinger** úsáid as scannánú turgnamhach agus modhanna teilgin le híomhánna ailtireachta a thaispeáint mar a mbíonn na struchtúir briste suas ag gluaiseacht an dromchla teilgin.

Na beochaintí ***Traffic in Lisbon*** le **Pedro Miguel Cruz**, taispeánann siad éabhlóid an tráchta thar líonra i dtréimhse shamhailteach 24 uair an chloig, ag mapáil dul chun cinn 1534 feithicil.

Is sraith de chولláisí grianghraf iad íomhánna ***Joiner*** le **David Hockney**, a bhfuil cuid acu cóirithe thart ar struchtúr glé greille. Tá colláisí físeáin curtha i láthair aige fosta, le híomhánna á léiriú thar líon scáileán.

Déanann grianghraif **Diane Burko** éifeachtaí an athraithe aeráide a dhoiciméadú. Tá 20 grianghraf de sceardanna ilroinnte oighir san ***Antarctica Grid*** aici.

Is grianghrafadóir ailtireachta agus ealaíontóir é **Filip Dujardin**. Taispeánann a shraith fótamontáise ***Fictions*** sraith de struchtúir neamhfhéideartha ar baineadh úsáid as teicníc na colláise digití le hiad a chruthú.

Rinne **Donovan Wylie** suíomh choimpléasc Phríosún an Maze lá den tsaol a dhoiciméadú ina aiste grianghraf agus a phíosa scannánaíochta ***The Maze***, ag taifeadadh a scrios céim ar chéim, le peirspictíocht ag foirmiú fócas láidir an tsaothair.

Is tionscadal oll-rannpháirtíochta grianghrafadóireachta é ***The Grid Project***, faoi cheannas **David Allen** agus **Jerry Tew**.

www.xtrapapers.com

**Dearadh Tríthoiseach**

Tá balla amháin in ***Institut du Monde Arabe*** le **Jean Nouvel** i bPáras cumhdaithe le líonra de 240 cró solas-íogair mótar-rialaithe.

Ailtireacht na Múrach, amhail an **Alhambra Palace and Fortress**, tá sí clúdaithe le tíleanna teibí glónraithe agus rilífe.

Tugadh leasainm an ***Bird's Nest*** ar dhearadh **Herzog & de Meuron** don **Staidiam Oilimpeach** i mBéising mar gheall ar na 'craobhóga' cruach ar chuma laitíse thart air.

Cruthaíonn **Nicholas Homoky** agus **Anne Butler** soithí poircealláin ar a bhfuil maisiú iontlaise le líonraí spraíúla línte.

Cruthaíonn **Isobel Egan** saothar mar a mbaintear úsáid as poirceallán fíneálta (agus as ábhair eile ar uairibh) le struchtúir a chruthú a bhfuil struchtúr glé ar chuma greille nó laitíse orthu.

Tá clú ar **Eleanor Wheeler** as na coimisiúin ailtireachta agus ealaíon phoiblí aici mar a gcuireann sí tíleanna glónraithe nó brící snoite i láthair, go minic le scéalta a chur in iúl faoin cheantar áitiúil agus faoi imeachtaí sa stair.

Baineann **Loraine Rutt** úsáid as a paisean do na léarscáileanna tríd na gnéithe agus sonraí acu a chomhcheangal ar shoithí agus dealbha.

**Karim Rashid, Frederik Roijé** agus **Anna Lorenz**, tá gréithe miotail cruthaithe acu uilig a bhfuil cruthanna pollta ar chuma greille bainte ar shiúl uathu.

Tá dearaí ***Art Nouveau*** le **Charles Rennie Mackintosh** do thithe taobh istigh, d'ailtireacht agus do throscán maisithe le sonraí dronlíneacha ar chuma greille.

Tá dearaí ***Symbiosis*** le **Lisa Jones** do chathaoireacha spreagtha ag líníochtaí anatamaíocha **Leonardo da Vinci**, ag cruthú foirmeacha fíneálta in adhmad bunaithe ar líonraí inmheánacha an choirp.

Bhain **Stephanie Bila** úsáid as adhmad lúbtha agus criostail le réimse seodra coirp a chruthú a chuireann foirmeacha orgánacha amhail sliogáin agus cnámharlaigh in iúl.

Saothar **Laura Kishimoto** don chomhlacht troscáin aici **Kishimoto Designs**, comhcheanglaíonn sé úsáid nuálach ábhar le struchtúir ar chuma laitíse.

www.xtrapapers.com

**Teicstílí**

Bíonn patrúin gheoiméadracha ar **theicstílí na hAfraice** agus **na nAstacach**. Ballapháipéir agus teicstílí lámhphriontáilte **Arts and Crafts** le **William Morris**, léiríonn siad patrúin d'fhoirmeacha nádúrtha cóirithe thart ar ghreille.

Sa tsaothar ***Transformation*** leis an fhíodóir **Ali Holloway** tá cineálacha difriúla snátha lámhruaimnithe le páipéar comhghreamaithe tríothu, agus bíonn fíodóireacht fhíneálta oscailte ar chuma greille mar thoradh air.

Sa tsraith ***Crochet Membrane*** le **Sonja Bäumel** tá earraí lámhchróiseáilte éadaí le líonra oscailte d'fhoirmeacha a bhfuil cuma na gceall orthu atá spreagtha ag pobail bhaictéar.

Déanann an haitéir **Emma Yeo** hataí a dhearadh atá déanta as adhmad agus ábhair shóchais le sonraí léasarghearrtha a chruthaíonn struchtúr ar chuma laitíse.

Sa bhailiúchán anatamaíochta le **Jean-Paul Gaultier** bhí culaith choirp chneasdathach le líonra féitheacha.

Tá bailiúcháin deartha ag **Vivien Chong** agus **Winde Rienstra** le haghaidh éadaí agus oiriúintí atá spreagtha ag foirmeacha ailtireachta.

Tá tionchair ón oragámaí ar bhailiúchán málaí láimhe **Karishma Kusurkar**, ***One Square***, agus ar fheistis chouture **Stéphane Rolland** araon.

Tá clú mór ar **Paco Rabanne** as an tsaothar aige san fhaisean, go háirithe a chuid gúnaí ***Unwearables*** atá déanta as greillí tíleanna ina bhfuil dioscaí plaisteacha nasctha le chéile le miotal, a bhfuil cuma máille na lúb orthu.

Tá priontaí in ***Resort Collection 2014***, leis an dearthóir priontaí digiteacha **Mary Katrantzou**, a chomhcheanglaíonn patrúin ar chuma greille ón ailtireacht le foirmeacha plandaí agus tírdhreacha.

**Dearaí teicstílí Bauhaus**, amhail iad siúd le **Gunta Stölzl** agus **Anni Albers**, d'aontaigh siad cleachtais ealaíne Bauhaus le teicnící traidisiúnta fíodóireachta. Is sainchomhartha dá gcuid oibre iad dearaí geoiméadracha.

Sna dearaí do ghúnaí ***Transformer*** le **Hussein Chalayan** bhí cuid acu sreangaithe le meicníochtaí ceilte ionas gur mhorfáil na baill éadaigh ó dhearadh amháin go dearadh eile.

Tá cuilteanna teicstíl chomhaimseartha agus meáin mheasctha **Sandra Meech** tógtha thart ar struchtúr ar chuma greille agus tá siad spreagtha ag an dúlra agus tírdhreacha.

www.xtrapapers.com

SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

www.xtrapapers.com

www.xtrapapers.com

www.xtrapapers.com

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

229117